Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Samhain 2018
(OR. en)

13919/18

**Comhad Idirinstitiúideach:
2014/0256(COD)**

**CODEC 1899
PHARM 53
SAN 378
MI 798
VETER 78
AGRILEG 188**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach, Rialachán (CE) Uimh.1901/2006 maidir le táirgí íocshláinte le haghaidh úsáid phéidiatraice agus Treoir 2001/83/CE maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 11 Meán Fómhair 2014, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE agus ar Airteagal 168(4)(c) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Ar an 25 Deireadh Fómhair 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 21 Eanáir 2015[3].

[1] 13240/14.
[2] 13327/18.
[3] IO C 242, 23.7.2015, lch. 39.

4. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 44/18 é, a fhormheas mar ítim "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

   Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   I ndiaidh d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle an gníomh reachtach a shíniú, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.